Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9003/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0125(NLE)**

**MI 375**
**ECO 57**
**ENT 90**
**UNECE 12**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8998/21+ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 13-H, 24, 30, 41, 49, 79, 83, 95, 101, 124, 129, 134, 137 agus 157 ó na Náisiúin Aontaithe agus na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 4 agus 9<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuas faoi bhráid na Comhairle an 20 Bealtaine 2021.

2. An 5 Bealtaine 2021, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir le dréacht den togra ón gCoimisiún. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 20 Bealtaine 2021, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh.

3. Chun vóta i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí a áirithiú, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú d'aon toil maidir le leasú amháin ar théacs an Choimisiúin, lena gceartaítear uimhir doiciméid tagartha san iarscríbhinn.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle téacsanna an Chinnidh ón gComhairle agus an seasamh a mhol an tAontas, mar a leagtar amach in 9000/21 agus 9001/21 iad tar éis do dhlítheangeolaithe bailchríoch a chur orthu, a ghlacadh i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.